An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Comórtas oscailte chun Oifigeach Oideachais Bunscoile x 2 a cheapadh don togra **An Tobar**

Togra nua is ea **An Tobar** chun acmhainní agus sraith straitéisí a chruthú do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla (scoileanna T2)

Leabhrán Eolais

Márta 2025

# Oifigigh Oideachais sa Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

## 1. An ceapachán

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais 1998 le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le teagasc trí Ghaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus maidir le teagasc na Gaeilge i scoileanna uile na tíre, chomh maith le soláthar áiseanna teagaisc a chomhordú, seirbhísí taca a chur ar fáil agus taighde a sheoladh.

Is mian le COGG beirt Oifigeach Oideachais Bunscoile a cheapadh a thacóidh le cruthú **Tobar Acmhainne** chun tacú le múineadh na Gaeilge i mBunscoileanna T2.

D'fhéadfadh, ach ní gá, gur ar bhonn iasachta a dhéanfar an ceapachán. Conradh dhá bhliain ar théarma seasta a bheidh i gceist.

## 2. Dualgais an phoist

Freagrachtaí na nOifigeach Oideachais Bunscoile:

- Beidh siad freagrach don Bhainisteoir Tionscadail ar an togra seo agus do Phríomhfheidhmeannach COGG
- Tacóidh siad le cur chun cinn fhorbairtí / thograí na Roinne Oideachais reatha agus sa todhchaí i réimse mhúineadh na Gaeilge i mBunscoileanna T2
- Déanfaidh siad comhordú ar aimsiú agus ar bhailiú acmhainní teagaisc agus foghlama atá ar fáil cheana féin chun tacú le múineadh na Gaeilge i scoileanna T2
- Cruthóidh siad Tobar Acmhainne agus Sraith Straitéisí chun tacú le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna T2
- Cinnteoidh siad go mbeidh na hacmhainní agus na straitéisí ag teacht go cuí le Curaclam Teanga na Bunscoile
- Cinnteoidh siad go mbeidh luas agus leanúnachas éifeachtach struchtúrtha ag baint leis na hacmhainní agus na straitéisí teanga ó ranganna na naíonán go dtí rang a sé

- Cinnteoidh siad go gcuirfidh na hacmhainní agus na straitéisí ar chumas daltaí bunscoile
    - cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge i réimse suíomhanna éagsúla nádúrtha ar bhonn éifeachtach de réir a gcumas
    - taitneamh agus tairbhe a bhaint as foghlaim na Gaeilge
- Cinnteoidh siad go mbeidh na hacmhainní agus na straitéisí ceangailte go dlúth le spriocanna foghlama don teanga ó bhéal a thacóidh le múinteoirí sraith struchtúrtha de thaithí foghlama a chur ar fáil do pháistí bunscoile
- Tacóidh siad le
    - tuiscintí mhúinteoirí ar mhúineadh éifeachtach an dara teanga
    - traschur scileanna teanga idir na teangacha éagsúla (Béarla, Gaeilge agus Nuatheangacha Eorpacha)
    - úsáid na Gaeilge idir múinteoirí agus na daltaí bunscoile agus idir dhaltaí bunscoile i suíomhanna nádúrtha cumarsáide le linn ceachtanna agus le linn an lae scoile
    - cur chuige difreáilte sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Cinnteoidh siad go mbeidh múinteoirí ábalta teacht ar réimse leathan acmhainní ilmheáin digiteacha, físiúla agus closamharc atá nuálach, cruthaitheach agus tarraingteach agus tacóidh siad le múinteoirí maidir lena n-úsáid éifeachtach
- Cabhróidh siad
    - le hOide maidir le cúrsaí fíorúla agus cúrsaí aghaidh ar aghaidh a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile maidir le cur chuige agus úsáid an Tobair Acmhainne agus Sraith Straitéisí
    - le hOifigeach Digiteach COGG na hacmhainní a chur in airde ar ardán digiteach ar leith a chruthófar do scoileanna T2
    - le feachtais feasachta agus poiblíochta maidir leis an **Tobar Acmhainne** agus sraith straitéisí
- Bunóidh siad comhpháirtíochtaí agus forbróidh siad iad le páirtithe leasmhara eile atá ag plé le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna T2
- Déanfaidh siad comhfhreagras leis an bpobal, freastalóidh siad ar chruinnithe agus ar chomhdháileacha agus ar ghnáthchúraim riaracháin eile
- Comhoibreoidh siad le foireann uile COGG le haidhmeanna agus spriocanna na heagraíochta a bhaint amach agus beidh siad freagrach as aon chúraimí eile a thagann chun cinn le linn an tógra agus a iarrtar a gcuid cabhrach leo

# 3. Riachtanais

**Na hiarratasóirí ar fad, caithfidh siad:**

- a bheith cáilithe mar mhúinteoirí bunscoile agus taithí agus scil ar leith a bheith acu ar mhúineadh i mbunscoileanna T2
- fianaise a chur ar fáil go bhfuil siad nuálach, cruthaitheach agus rathúil mar mhúinteoirí Gaeilge
- eolas cuimsitheach a bheith acu ar chóras oideachais na hÉireann, agus ar theagasc na Gaeilge
- ardchaighdeán a bheith acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge
- sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus cur i láthair a bheith acu
- sárscileanna eagrúcháin agus comhoibrithe a bheith acu agus a bheith in ann a léiriú go bhfuil siad in ann oibriú mar bhall éifeachtach d'fhoireann
- paisean láidir soiléir a bheith acu don Ghaeilge
- sárscileanna sa teicneolaíocht dhigiteach a bheith acu
- cáilíocht TEG, Leibhéal B2 nó níos airde.
- taithí ar fhorbairt acmhainní teagaisc
- scileanna agus taithí ar a bheith ag obair le suíomhanna gréasáin agus le meáin dhigiteacha éagsúla
- scileanna bainistíochta agus comhordaithe tionscadail
- cumas le dul i ngleic le haipeanna MS Office 365

# 4. Luach Saothair

Seo a leanas scálaí tuarastail an Oifigigh Oideachais:

**Ranníocaíocht Pinsin Neamhphearsanta**

**Scála 1**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **€60,161.00** | **€63,989.00** | **€66,709.00** | **€69,550.00** | **€72,377.00** | **€75,177.00** | **€78,703.00** |
| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** |
| **€82,840.00** | **€87,740.00** | **€92,708.00** | **€96,744.00** | **€99,872.00** | **€102,992.00** | |
| **8** | **9** | **10** | **11NMAX** | **LSI1** | **LSI2** | |

**Scála 2**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **€63,223.00** | **€67,247.00** | **€70,113.00** | **€73,094.00** | **€76,071.00** | **€79,016.00** | **€81,494.00** | |
| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | |
| **€87,205.00** | **€92,358.00** | **€97,592.00** | **€101,841.00** | **€105,122.00** | **€108,412.00** | | |
| **8** | **9** | **10** | **11NMAX** | **LSI1** | **LSI2** | | |

Maidir le hiontrálacha nua chuig an tseirbhís phoiblí, ceanglaíonn beartas an Rialtais orainn gach post a líonadh ag an gcéad phointe den scála. Ach duine ar bith a cheapfar ar iasacht ón earnáil oideachais agus a bhfuil tuarastal níos airde aige/aici ná an chéad phointe de scála na nOifigeach Oideachais d'fhéadfaí é/í a chur ag pointe iomchuí ar an scála cuí. Tabhair faoi deara go bhfuil liúntais agus a gcur chun feidhme faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus go bhféadfaí iad a athrú. Lena chois sin, d'fhéadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais agus tá an tuarastal faoi réir gach asbhaint reachtúil, lena n-áirítear Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean.

## 5. Saoire bhliantúil

30 lá oibre a bheidh sa liúntas saoire bhliantúil, *pro rata* d'fhad an chonartha. Liúntas é sin a bheidh faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bhliantúil agus atá bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá. Ní áireofar air na gnáthlaethanta saoire phoiblí.

## 6. Suíomh

Tá oifig ag COGG ag 23 Plás Windsor, Baile Átha Cliath 2. **Beidh ar an té a cheapfar a bheith i láthair san cheannoifig go rialta** ach d'fhéadfaí socruithe oibre neamhchaighdeánacha a éascú, ar a n-áirítear obair i suíomh oifige eile.

## 7. Comhdheiseanna

Eagraíocht chomhdheiseanna is ea COGG agus cuirtear fáilte roimh iarratas ó dhaoine faoi mhí-chumas.

## 8. Eagar an chomórtais

- Tá an ceart ag COGG iarratasóirí a ghearrliostú.
- Déanfar seo de réir chomhlíonadh na riachtanas thuasluaite.
- Seolfar ríomhphost le sonraí agallaimh chuig na hiarratasóirí ar an ngearrliosta.
- Beidh na hagallaimh ar siúl i mBaile Átha Cliath nó in ionad eile in Éirinn ag brath ar shocruithe réasúnta don bhord agallaimh.

- Déanfar freastal réasúnta ar riachtanais ar leith a bheadh ag iarrathóirí agus iad ag freastal ar an agallamh ach caithfear na riachtanais sin a chur in iúl do COGG ar a laghad seachtain roimh an agallamh ionas gur féidir socruithe cuí a dhéanamh.

Ar bhonn **agallamh iomaíoch** a dhéanfar an roghnú agus iarrfar ar iarratasóirí cur i láthair (7-8 nóiméad) a ullmhú roimh ré, agus a thabhairt ar lá an agallaimh. Beidh an t-agallamh bunaithe ar na hinniúlachtaí a bheidh riachtanach chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sna liostaí riachtanas don phost mar a luaitear thuas.

Roimh an bpríomhagallamh, beidh triail scríofa Ghaeilge ag leibhéal B2 Gradam den Fhráma Tagartha Eorpach le déanamh ag iarratasóirí (Féach www.teg.ie)

## 9. Iarratais

Beidh ar iarratasóirí litir iarratais ag léiriú mar a chomhlíonann siad riachtanais an phoist agus CV (le hainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí, uimhreacha gutháin san áireamh) a chur ar fáil.

Cuir seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin póca ar fáil leis an iarratas.

**An tAcht um Chosaint Sonraí 1988/2003**

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaítear taifead i d'ainm le pé eolas pearsanta a chuireann tú ar fáil. Is don phróiseas earcaíochta amháin a úsáidfear an t-eolas sin. Is faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a dhéanfar seo. Tá de cheart agat faoi fhorálacha na nAchtanna sin aon eolas a bhaineann leat a fháil ag am ar bith. Trí iarratas a dhéanamh tá cead á thabhairt agat dúinn do shonraí pearsanta a phróiseáil, fiú más íogair iad. Scriosfar do shonraí pearsanta tar éis tréimhse 12 mhí.

## 10. An dáta druidte

Caithfidh an litir iarratais agus an CV a bheith faighte ag poist@cogg.ie ag tráth nach moille ná **5.00 i.n., Dé Luain, an 31 Márta 2025.**

Admhófar gach iarratas agus sa chás nach bhfaightear admháil laistigh de 5 lá, is ceart é sin a chur in iúl d'Oifig COGG. Is ceart athrú ar sheoladh poist agus/nó ar sheoladh ríomhphoist a chur in iúl láithreach.

# 11. Cáilitheacht

Níl cead ag iarratasóirí cur isteach ar an gcomórtas seo má bhain siad tairbhe as na scéimeanna scoir seirbhís phoiblí leagtha amach thíos.

**An Scéim Luathscoir Dreasaithe (SLSD)**

Coinníoll is ea é den Scéim Luathscoir Dreasaithe, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, toirmeasc a bheith ar lucht scoir, faoin scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin, níl cead ag lucht scoir iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna 7/2010**

Is le hImlitir 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí a tugadh isteach Spriocscéimeanna le haghaidh Luathscor Deonach (VER) agus Iomarcaíocht Dheonach (VRS). Coinníoll is ea é den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe lena n-athfhostú in earnáil na sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead poiblí. Baineann an toirmeasc céanna ar athfhostú leis na scéimeanna iomarcaíochta ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach seacht mbliana, agus go mbeidh athfhostú ina dhiaidh sin faoi réir cheadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin cáilithe le cur isteach ar an gcomórtas seo.

**Dearbhú**

Iarrfar ar iarratasóirí dearbhú a thabhairt cé acu a bhain siad nó nár bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscoir dreasaithe seirbhís phoiblí. Beidh ar iarratasóirí, leis, dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíocht atá acu ar phinsean Seirbhís Phoiblí (atá á híoc nó á chaomhnú) ó aon fhostaíocht Seirbhís Phoiblí eile agus/nó cé acu a fuair siad nó nach bhfuair siad íocaíocht in ionad i dtaca le haon seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhís Phoiblí.

# 12. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

# 13. Freastal ar agallamh

Faoi na hiarratasóirí a bheidh sé a bheith ar fáil chun agallaimh agus pé socruithe is gá a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad teachtaireachtaí a sheolfar chucu ag an seoladh r-phoist atá scríofa san iarratas. Ní bheidh COGG freagrach as costais arna dtabhú ag iarratasóirí.

## 16. Ceisteanna

Is féidir ceist ar bith mar gheall ar an bpróiseas nó ar an ról a sheoladh chuig poist@cogg.ie